Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Márta 2023**
**(OR. en)**

**7323/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0139(COD)**

**VISA 46**
**COWEB 30**
**COMIX 125**
**CODEC 352**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Márta 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 138 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an seasamh ón gComhairle i ndáil leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (an Chosaiv[*]) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 138 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 138 final

[*] Ní dochar an t ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.3.2023
COM(2023) 138 final

2016/0139 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i ndáil leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (an Chosaiv[*])**

[*] Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

2016/0139 (COD)

# TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i ndáil leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (an Chosaiv*)**

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta a tarchuireadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (doiciméad COM(2016) 277 – 2016/0139 COD): | [10 Bealtaine 2016]. |
| Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | [28 Márta 2019]. |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle: | [9 Márta 2023]. |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Tá sé d'aidhm ag an togra:

(a) Cead a thabhairt do shaoránaigh na Cosaive taisteal go dtí an tAontas gan víosa ar feadh 90 lá in aon tréimhse 180 lá tríd an gCosaiv a chur le liosta an Aontais de na tríú tíortha nach mbaineann ceanglas víosa leo.

(b) Aitheantas a thabhairt do thiomantas leanúnach údaráis na Cosaive maidir le tagarmharcanna an Treochláir um Léirscaoileadh Víosaí a bhaint amach, tagarmharcanna a mheasann an Coimisiún Eorpach iad a bheith bainte amach ó bhí Iúil 2018 ann.

(c) Rochtain gan víosa ar limistéar Schengen a thabhairt do réigiún iomlán na mBalcán Thiar tríd an gCosaiv a áireamh ar an liosta agus, leis sin, leanúint de na naisc agus na teagmhálacha idirphearsanta idir an tAontas agus an réigiún iomlán a mhéadú, sin agus a áirithiú an tráth céanna go ndéantar iarrachtaí comhpháirteacha chun an choireacht eagraithe agus an imirce neamhrialta a chomhrac.

## 3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

Leis an seasamh ón gComhairle arna ghlacadh ar an gcéad léamh, léirítear go soiléir an

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

comhaontú a tugadh i gcrích ag an aon chruinniú tríthaobhach amháin a bhí ann idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, a reáchtáladh an 14 Nollaig 2022. Áirítear le príomhphointí an chomhaontaithe sin a léirítear in aithrisí an Rialacháin an méid seo a leanas:

- Tá ceanglais a treochláir i dtreo córas taistil gan víosa comhlíonta ag an gCosaiv. Áiritheoidh an díolúine ón gceanglas víosa go bhfuil réigiún iomlán na mBalcán Thiar faoi réir an chórais víosa chéanna.
- Ní bheidh feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa ach maidir le sealbhóirí pasanna bithmhéadracha arna n-eisiúint ag an gCosaiv i gcomhréir le caighdeáin na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO), agus beidh feidhm aici ón dáta a rachaidh an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) i mbun oibríochtaí, nó ón 1 Eanáir 2024, cibé acu is túisce.
- Sula gcuirfear i bhfeidhm an díolúine ón gceanglas víosa, tá sé tábhachtach go dtabharfar comhaontuithe nó comhshocruithe um athligean isteach, de réir mar is infheidhme, i gcrích leis na Ballstáit nach bhfuil comhaontú nó comhshocrú den chineál sin acu go fóill. Agus iad tugtha i gcrích, tá an Chosaiv le hiad a chur chun feidhme go hiomlán, agus prionsabal an *non-refoulement* á urramú.
- Ba cheart don Chosaiv féachaint lena beartas víosaí a ailíniú a thuilleadh le liosta an Aontais de na tríú tíortha lena mbaineann ceanglas víosa, go háirithe na tríú tíortha sin lena mbaineann rioscaí imirce neamhrialta nó rioscaí slándála don Aontas.
- Tá an Coimisiún chun faireachán gníomhach a dhéanamh ar chur chun feidhme cheanglais an treochláir i dtreo córas taistil gan víosa leis an gCosaiv, agus ar ailíniú an bheartais víosaí, tríd an sásra fionraíochta víosaí.

Thacaigh an Coimisiún leis an gcomhaontú a tugadh i gcrích ag an gcruinniú tríthaobhach, comhaontú lenar féidir dul ar aghaidh leis an togra seanbhunaithe ón gCoimisiún an Chosaiv a áireamh ar an liosta tíortha nach mbaineann ceanglas víosa leo, rud a bheadh ina chúis le réigiún iomlán na mBalcán Thiar a bheith faoi réir córas taistil gan víosa maidir le taisteal go dtí an tAontas.

## 4. CONCLÚID

Glacann an Coimisiún leis an seasamh ón gComhairle.